C/2024/6345

7.11.2024

P9_TA(2024)0054

Iarraidh ar dhíolúine Ioannis Lagos a tharscaoileadh

Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa an 6 Feabhra 2024 ar an iarraidh ar dhíolúine Ioannis Lagos a tharscaoileadh (2023/2092(IMM))

(C/2024/6345)

Tá Parlaimint na hEorpa,

— ag féachaint don iarraidh ón Leas-Ionchúisitheoir Poiblí i gCúirt Chéadchéime na hAithne go ndéanfaí díolúine Ioannis Lagos a tharscaoileadh, arna tarchur le litir dar dáta an 31 Bealtaine 2023 ag Leas-Ionchúisitheoir Chúirt Uachtarach na Gréige i ndáil le cúisimh choiriúla a d'fhéadfadh a bheith ann (Re. ABM: RB 2022/13-EG: 104-23/3), agus a fógraíodh sa suí iomlánach an 14 Meitheamh 2023,

— tar éis éisteacht a thabhairt do Ioannis Lagos i gcomhréir le Riail 9(6) dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint d'Airteagal 8 de Phrótacal Uimh. 7 ar Phribhléidí agus Díolúintí an Aontais Eorpaigh, agus d'Airteagal 6(2) d'Ionstraim an 20 Meán Fómhair 1976 maidir le toghadh Fheisirí de Pharlaimint na hEorpa trí vótáil chomhchoiteann dhíreach,

— ag féachaint do na breithiúnais a thug Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 21 Deireadh Fómhair 2008, an 19 Márta 2010, an 6 Meán Fómhair 2011, an 17 Eanáir 2013 agus an 19 Nollaig 2019 ([1]),

— ag féachaint do Riail 5(2), do Riail 6(1) agus do Riail 9 dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla (A9-0027/2024),

A. de bhrí gur thíolaic an Leas-Ionchúisitheoir Poiblí i gCúirt Chéadchéime na hAithne iarraidh go ndéanfaí díolúine pharlaiminteach Ioannis Lagos a tharscaoileadh chun imeachtaí coiriúla a thionscnamh ina choinne ar fhorais ráiteas a phostáil sé ar an idirlíon;

B. de bhrí, an 1 Márta 2022, gur fhoilsigh Ioannis Lagos teachtaireacht ar shuíomh gréasáin a pháirtí a líomhnaítear gurb ionann í agus gríosú poiblí chun foréigin nó fuatha i gcoinne grúpa daoine arna sainmhíniú ar bhonn tionscnamh náisiúnta, reiligiúin nó gnéaschlaonadh de shárú ar Airteagal 1 de Dhlí na Gréige Uimh. 927/1979 arna leasú le Dlíthe na Gréige Uimh. 4285/2014 agus Uimh. 4491/2017;

C. de bhrí, an 2 Márta 2022, gur thug Faireachlann na Gréige de Chomhaontuithe Heilsincí fógra do Chúirt Chéadchéime na hAithne, ar mhaithe le faisnéis agus gníomhaíocht riachtanach, faoin teachtaireacht a phostaigh Ioannis Lagos an lá roimhe sin;

D. de bhrí, an 1 Márta 2022, gur ghlac Ioannis Lagos páirt i vótáil iomlánach i bParlaimint na hEorpa ar an tairiscint i gcomhair rún maidir le 'fogha na Rúise i gcoinne na hÚcráine' agus de bhrí, an lá céanna, tar éis na vótála, gur fhoilsigh sé ar shuíomh gréasáin a pháirtí ráiteas dar teideal *'I will not sell out, nor will I betray my principles and beliefs'*[Ní ghéillfidh mé, ná ní dhéanfaidh mé feall ar mo phrionsabail ná ar mo chreidimh], inar mhínigh sé na cúiseanna a bhí lena vótáil;

E. de bhrí, mar gheall ar an ráiteas sin a bheith déanta aige, go líomhnaítear go bhfuil Ioannis Lagos ciontach i ngríosú poiblí chun foréigin agus fuatha i gcoinne grúpa daoine arna sainmhíniú ar bhonn tionscnamh náisiúnta, reiligiúin nó gnéaschlaonadh, ar cion coiriúil é faoi Airteagal 1 de Dhlí na Gréige Uimh. 927/1979 arna leasú le Dlíthe na Gréige Uimh. 4285/2014 agus Uimh. 4491/2017;

F. de bhrí nach pribhléid phearsanta d'Fheisire í díolúine pharlaiminteach, ach is ráthaíocht í ar neamhspleáchas na Parlaiminte ina hiomláine agus a cuid Feisirí;

G. de bhrí nach féidir le Parlaimint na hEorpa ról cúirte a ghlacadh, agus de bhrí nach féidir, i nós imeachta um dhíolúine a tharscaoileadh, Feisire a mheas mar chosantóir;

([1]) Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 21 Deireadh Fómhair 2008, *Marra* v *De Gregorio agus Clemente*, C 200/07 agus C-201/07, ECLI:EU:C:2008:579; breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 19 Márta 2010, *Gollnisch* v *an Pharlaimint*, T-42/06, ECLI:EU:T:2010:102; breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 6 Meán Fómhair 2011, *Patriciello*, C 163/10, ECLI: EU:C:2011:543; breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 17 Eanáir 2013, *Gollnisch* v *an Pharlaimint*, T-346/11 agus T-347/11, ECLI:EU:T:2013:23; breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 19 Nollaig 2019, *Junqueras Vies*, C-502/19, ECLI:EU:C:2019:1115.

H. de bhrí go bhforáiltear in Airteagal 8 de Phrótacal Uimh. 7 ar Phribhléidí agus Díolúintí an Aontais Eorpaigh nach bhfuil ‘Feisirí Pharlaimint na hEorpa inchurtha faoi aon saghas fiosrúcháin, coinneála ná imeachtaí dlíthiúla i leith tuairimí a thug siad nó vótaí a chaith siad ag comhlíonadh a ndualgas dóibh’;

I. de bhrí go bhféadfaidh ráiteas ó Fheisire lasmuigh de Pharlaimint na hEorpa a bheith ina thuairim arna cur in iúl i gcomhlíonadh a ndualgas, de réir bhrí Airteagal 8 den Phrótacal, i gcás ina bhfuil measúnú suibiachtúil ann a bhfuil baint dhíreach agus fhollasach aige le comhlíonadh dhualgais an Fheisire sin i bParlaimint na hEorpa; de bhrí nach mór, dá bhrí sin, cibé acu an amhlaidh nó nach ea, a chinneadh de réir chineál agus ábhar an ráitis seachas an áit ina ndearnadh é;

J. de bhrí go dtarlaíonn an díospóireacht pholaitiúil a nglacann Feisirí de Pharlaimint na hEorpa páirt inti níos mó agus níos mó lasmuigh d’áitribh na Parlaiminte na laethanta seo, lena n-áirítear ar an idirlíon;

K. de bhrí, i bhfianaise an mhéid sin, gur léir go ndearnadh an ráiteas a d’fhoilsigh Ioannis Lagos ina cháil mar Fheisire de Pharlaimint na hEorpa agus de bhrí gur féidir a mheas gurb ann do nasc díreach soiléir idir an ráiteas atá faoi bhreithniú agus sainordú parlaiminteach Ioannis Lagos;

1. á chinneadh gan díolúine Ioannis Lagos a tharscaoileadh;

2. á threorú dá hUachtarán an cinneadh seo agus tuarascáil a coiste fhreagraigh a chur ar aghaidh láithreach chuig údarás inniúil na Poblachta Heilléanaí agus chuig Ioannis Lagos.